C/2023/995

17.11.2023

Achoimre ar Chinneadh ón gCoimisiún

an 22 Meán Fómhair 2023

maidir le himeacht faoi Airteagal 102 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus faoi Airteagal 54 de Chomhaontú LEE

(CÁS AT.37990 - Intel)

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2023)5914 final)

(Is é an téacs Béarla amháin atá barántúil)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2023/995)

An 22 Meán Fómhair 2023, ghlac an Coimisiún cinneadh a bhaineann le himeacht faoi Airteagal 102 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus faoi Airteagal 54 de Chomhaontú LEE. I gcomhréir le forálacha Airteagal 30 de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ón gComhairle ([1])*, foilsíonn an Coimisiún anseo ainmneacha na bpáirtithe agus príomhábhar an chinnidh, lena n-áirítear aon phionós a fhorchuirtear, ag féachaint do leas dlisteanach gnóthas i leith a rúin ghnó a chosaint.*

1. RÉAMHRÁ

(1) An 22 Meán Fómhair 2023, ghlac an Coimisiún cinneadh a bhaineann le sárú aonair leanúnach ar Airteagal 102 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (an 'Conradh') agus ar Airteagal 54 den Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE').

(2) Dírítear an Cinneadh chuig Intel Corporation ('Intel'). Is éard a bhí sa sárú íocaíochtaí neamhdhleathacha a rinne Intel le trí mhonaróir ríomhaire (i.e., HP, Acer agus Lenovo) chun seoladh táirgí sonracha ina bhfuil Láraonaid Phróiseála ('LAPanna') x86 an phríomhiomaitheoirí a stopadh nó a mhoilliú agus chun teorainn a chur leis na bealaí díolacháin atá ar fáil do na táirgí sin (ar a dtugtar 'srianta nochta'). Tharla na srianta sin idir Samhain 2002 agus Nollaig 2006.

(3) Baineann an Cinneadh seo le hathghearradh páirteach fíneála ar Intel tar éis don Chúirt Ghinearálta an Cinneadh bunaidh ón 13 Bealtaine 2009 a neamhniú go páirteach in 2022.

2. NÓS IMEACHTA

(4) An 13 Bealtaine 2009, ghlac an Coimisiún Cinneadh lena ngearradh fíneáil ar Intel Corporation ('Intel') as mí-úsáid a bhaint as a cheannasacht ar an margadh i gcás LAPanna x86, rud a sháraigh Airteagal 102 CFAE agus Airteagal 54 de Chomhaontú LEE ('Cinneadh 2009'). Tháinig sé chun solais i gCinneadh 2009 go raibh sárú aonair leanúnach déanta ag Intel trí straitéis a chur chun feidhme a bhí dírithe ar iomaitheoirí a fhoriamh ón margadh le haghaidh LAPanna x86 agus gur dhá chineál iompair a bhí sa straitéis sin i leith a chustaiméirí (monaróirí buntrealaimh, nó 'OEManna'): dámhachtain lacáistí coinníollacha agus na srianta nochta. Maidir leis an sárú sin, ghearr an Coimisiún fíneáil EUR 1 060 000 000 ar Intel faoi Airteagal 23(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003.

(5) Rinne Intel achomharc ar Chinneadh 2009 chuig an gCúirt Ghinearálta, agus rinne an Chúirt an chaingean ina hiomláine a dhíbhe trí bhreithiúnas an 12 Meitheamh 2014 i gCás T-286/09. Rinne Intel achomharc ar an mbreithiúnas sin chuig an gCúirt Bhreithiúnais, agus rinne an Chúirt an cás a tharchur ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta an 6 Meán Fómhair 2017 chun go ndéanfadh sí athbhreithniú i dtaobh an bhfuil na lacáistí coinníollacha in ann an iomaíocht a shrianadh i bhfianaise fianaise fhíorasach agus eacnamaíoch.

(6) An 26 Eanáir 2022, thug an Chúirt Ghinearálta a breithiúnas i gCás T-286/09 RENV, inar neamhnigh sí cinneadh Chinneadh 2009 maidir le sárú a bhain leis na lacáistí coinníollacha. Ag an am céanna, dhiúltaigh sí d'éileamh Intel gur cheart na híocaíochtaí le HP, Acer agus Lenovo (na srianta nochta) a bheith faoi réir na tástála dlíthiúla céanna

([1]) IO L 1, 4.1.2003, lch. 1. Rialachán arna leasú le Rialachán (CEE) Uimh. 411/2004 (IO L 68, 6.3.2004, lch. 1).

agus na bprionsabal céanna leis na lacáistí agus dá bhrí sin sheas sí leis an sárú aonair leanúnach a mhéid a bhain sé leis na srianta nochta. Ós rud é nach raibh an Chúirt Ghinearálta in ann méid na fíneála a bhaineann leis na srianta nochta amháin a shuí, chuir sí an fhíneáil iomlán ar neamhní.

(7) I litir dar dáta an 2 Bealtaine 2023, chuir an Coimisiún in iúl do Intel go raibh sé beartaithe aige cinneadh nua a ghlacadh lena ngearrfaí fíneáil ar Intel de bhun Airteagal 23(2) de Rialachán Uimh. 1/2003 ón gComhairle, as sárú aonair leanúnach a dhéanamh arbh é a bhí ann na srianta nochta mar a leagtar amach i gCinneadh 2009 agus a dheimhnigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Chuir an Coimisiún Intel ar an eolas freisin faoin modheolaíocht a bhí beartaithe aige a chur i bhfeidhm chun an fhíneáil a ríomh. Thug Intel freagra ar an Litir an 26 Meitheamh 2023.

(8) D'eisigh an Coiste Comhairleach um Chleachtais Shriantacha agus Riochtaí Ceannasacha tuairim fhabhrach an 21 Meán Fómhair 2023. An 22 Meán Fómhair 2023, d'eisigh an tOifigeach Éisteachta an tuarascáil chríochnaitheach uaidh sa chás seo.

(9) Leis an gCinneadh seo lena ngearrfaí fíneáil faoi Airteagal 23(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003, féachtar le réiteach a fháil ar an gcás ina bhfuil éifeacht fós ag cinneadh an Choimisiúin maidir le sárú i ndáil leis na srianta nochta agus go bhfuil *luach res judicata* aige, cé gur cuireadh an fhíneáil mar gheall ar an sárú sin ar neamhní.

3. **FÍNEÁLACHA**

(10) Chun an fhíneáil a ríomh, braitheann an Coimisiún ar an measúnú ar na fíorais a suíodh i gCinneadh 2009 agus ar seasadh leis sna himeachtaí breithiúnacha. Dírítear an Cinneadh chuig an eintiteas dlíthiúil céanna le Cinneadh 2009, is é sin Intel Corporation, agus níl aon agóid ná fianaise nua ann.

(11) Mar a leagtar amach in Aithrisí (1773) go (1777) de Chinneadh 2009, comhfhreagraíonn luach na ndíolachán a cuireadh san áireamh chun méid bunúsach na fíneála a ríomh do luach bliantúil dhíolacháin LAPanna x86 a shonraigh Intel chuig cuideachtaí atá lonnaithe in LEE.

(12) Ós rud é gur chumhdaigh na srianta nochta íocaíochtaí a bhí coinníollach ar OEManna díol ríomhairí deisce agus ríomhairí glúine bunaithe ar LAP x86 a chur ar ceal, a theorannú nó a mhoilliú, ní dhéantar ach luach na ndíolachán a bhaineann le ríomhairí deisce agus ríomhairí glúine a mheas chun bunmhéid na fíneála a ríomh. Dá bhrí sin, murab ionann agus an cás i gCinneadh 2009, níl an Coimisiún ag brath ar luach dhíolacháin LAPanna x86 a bhaineann le freastalaithe.

(13) Ó tháinig deireadh leis an srian nochta deiridh i mí na Nollag 2006, cuireann an Coimisiún san áireamh luach na ndíolachán in 2006, i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i dTreoirlínte an Choimisiúin maidir le Fíneálacha.

(14) Maidir le tromchúis an tsáraithe, cé go dtugtar le fios le cineál tromchúiseach an tsáraithe, méid agus saintréithe an mhargaidh chomh maith le raon feidhme geografach an tsáraithe go léir gur dócha an céatadán tromchúise bunaidh de 5 % i gCinneadh 2009 a choimeád, measann an Coimisiún go raibh raon feidhme agus déine níos teoranta ag na srianta nochta ná ag na lacáistí. Bhain siad le trí OEM agus dhírigh siad ar tháirgí sonracha nó línte táirgí nó bealaí díolacháin sonracha seachas ar dheighleoga gnó iomlána. Dá bhrí sin, cuireann an Coimisiún céatadán tromchúise 4 % i bhfeidhm agus méid bunúsach na fíneála á ríomh.

(15) Mhair na srianta nochta ó mhí na Samhna 2002 go dtí mí na Nollag 2006. Ós rud é gur cuireadh deireadh leis an gcéad dá shrian nochta roimh an srian nochta deiridh, laghdaítear an fad foriomlán chun an fhíneáil a ríomh faoin tréimhse idir deireadh an chéad dá shrian nochta agus tús an tsriain nochta deiridh. Freagraíonn sé seo do líon na mblianta idir Samhain 2002 agus Bealtaine 2005 agus idir Meitheamh 2006 agus Nollaig 2006.

(16) Níor suíodh aon fhíoras i gCinneadh 2009 a thabharfadh údar le haon imthoisc maolaitheach nó géaraitheach a bheith ann do Intel. Níl aon chúis ag an gCoimisiún imeacht ón seasamh sin sa Chinneadh seo. Ní thugtar le fios le haon ní go raibh fad na n-imeachtaí míréasúnta, agus na himthosca go léir curtha san áireamh, lena n-áirítear gur toradh iad na himeachtaí go dtí seo ar dhiansraith de ghníomhartha riaracháin agus breithiúnacha.

(17) Ghearr an Coimisiún fíneáil EUR 376 358 000 ar Intel. Ní théann an fhíneáil seo thar an teorainn láimhdeachais 10 % faoi Airteagal 23(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003.